


An Garda Síochána

Bileog Eolais um Chosc ar Choireacht



Sábháilteacht Phearsanta

Saoi na Sráide



Bí i do "Shaoi Sráide"

Is féidir le coireacht tarlú d'aon duine, aon uair nó in aon áit. Ceapann na coirpigh nach mbéarf ar orthu agus ceapann an t-íospartach nach eisean nó ise a bhéas thíos leis! Tá an réalaiocht an-difriúil go deo. Le haghaidh gach coire bíonn íospartach riamh i gceist. **Ní hé gach coirpeach a mbéarf ar orthu ach fulaingoidh gach íospartach.** Tá an bileog eolais seo ceaptha chun an baol ar dhíobhail agus / nó caillteanas ó choireacht a laghdú in áiteanna poiblí.

Brathfaidh méid do chuid fulaingthe nó do chaillteanas ar trí ghnéithe:

- Do chuid leochaileachta
- Do thimpeallacht
- Do chuid iompraíochta aonair

Do leochaileacht

Ba cheart aghaidh a thabhairt ar thuiscint ar d'fhéidearacht aonair le bheith i d'íospartach coireachta a bheith ó mheon an choirpigh de. Déanfaidh siad breith nó rátáil ar do chuid leochaileachta i líon áirithe bealaí agus sbeidh roinnt gnéithe níos tábhachtaí ná gnéithe eile dóibh siúd ag brath ar an gcineál coireachta atá i gceist.

Má tá tú:-

- Scothaosta, an-óg ar fad nó i do dhuine faoi mhíchumas
- I d'fhear nó i do bhean
- Leat féin seachas a bheith i ngrúpa
- I do dhuine áitiúil nó i do strainséir
- Muiníneach nó treallúsach nó séimh nó deas cineálta i gcruith

Ansin beidh ceann nó níos mó den mhéid thuas do chuid íospairte féideartha a mhéadú nó a laghdú. Bíonn roinnt acu taobh amuigh de do smacht, níl roinnt eile acu amhlaidh. An méid atá tábhachtach ná cuimhneamh gur féidir le gach ceann acu cur isteach ar do chatagóir riosca.

Do Thimpeallacht

Bíonn roinnt ceantair níos tugtha do choireacht ná mar atá ceantair eile. Tarraingeoidh cosbhealaí siopadóireachta le go leor daoine iontu gadaithe i gcónaí. Féadfaidh sráideanna ciúine nach bhfuil soilithe go maith, íosbhealaí agus lánaí a bheith ina áit idéalach do shladionsaitheoirí agus do robálaithe le bualadh.



Tarlaíonn go leor ionsaithe fánacha agus gníomhartha foréigin san oíche ag splancphointí ar nós scuainí, taobh amuigh d'áitribh cheadúnaithe, bialanna mearbhia, agus clubanna oíche.

Ba cheart duit ullmhú go dúchasach don timpeallacht a bhféadfaidh tú cuairt a thabhairt air trí roinnt ceisteanna bunúsacha a chur ort:

- An eol dom cén chaoi le é a bhaint amach?
- An gá dom taisteal trí spotaí trioblóide féideartha agus an féidir liom iad a sheachaint?
- An gá dom dul i m'aonar agus an gá dom dul de ló nó d'óiche?
- Céard é mo mhodh taistil agus cé chomh fada agus a thógfaidh an t-aistear?
- Má tá mé ag baint úsáide as mo charr príobháideach – cén áit gur féidir liom páirceáil go sábháilte agus céard iad na pleannanna teagmhasachta atá agam má bhrisim síos?
- An eol dom aon ní faoin áit ar a bhfuil mé ag tabhairt cuairte – an bhfuil sé slán agus dea-bhainistithe?




Le haghaidh tuilleadh eolais air seo nó ar aon shaincheisteanna eile maidir le Cosc ar Choireacht, déan teagmháil le do thoil le
d'Oifigeach Garda um Chosc ar Choireacht áitiúil
nó
tabhair cuairt ar láithreán gréasáin an Gharda Síochána ag www.garda.ie

- Ar inis dom d'aon duine cá bhfuil mé ag dul agus cén t-am atá mé ag siúl teacht ar ais?
- An bhfuil mo chruth nó mo chuid éadaí oiriúnach agus an gá dom seoda daora a chaitheamh nó mo chuid cártaí creidmheasa agus léasair ar fad a iompar?
- Céard iad na hearraí eile atá i mo sheilbh agam a d'fhéadfadh a bheith tarraingteach do ghadaithe – an gá dom iad a iompar i ndáiríre?
- Más íospartach ar choireacht nó ar fhoréigean tú – tuairiscigh an t-ábhar do na Gardaí lom láithreach – ná tóg ort féin déileáil leis na hionsaitheoirí



Do chuid iompraíochta aonair

An méid atá muid in ann a rialú nuair a bhíonn muid i measc an phobail ná **ár gcuid iompair féin**. Bíonn roinnt daoine achrannach agus ionsaitheach ó nádúr, fanann cuid eile acu calma agus smachtaithe fiú sna staideanna is gríosaithe. Is féidir lenár gcumas le trioblóid féideartha a aithint agus é a laghdú nó an dochar a bhaint as a bheith ag brath ar do phearsantacht aonair agus do chuid iompair féin. Is taithí foghlama é a bheith ag éirí i do "shaoi sráide"; ba cheart dúinn ar fad cloí le roinnt prionsabail bunúsacha trí trioblóid agus clampróirí a sheachaint.



Níl sé ar intinn an chomhairle atá sa bhileog eolais seo a bheith uileghabhálach nó iomlán.

Ní cheart aon cheo atá san fhoilsiúchán seo a fhorléiriú mar éigeantach, oibleagáideach nó ceaptha dul i gcoinne aon rialacháin reachtúla.

- Fan sa chomhluadar a bhfuil aithne agat orthu
- Ní hamháin go laghdaíonn tógáil alcóil, drugaí nó ábhair tocsaineacha do chuid céadfaí ach déanann sé tú tarraingteach ach go háirithe do choirpigh
- Seachain taispeáint poiblí de do chuid maoine – coinigh do thiacóg/sparán faoi cheilt
- Má fheiceann tú iompraíocht choiriúil – fág an cheantar ar an bpointe boise agus cuir fios ar na Gardaí
- Má fheiceann tú nó má airíonn tú imreaglaithe le grúpaí daoine – tóg malairt slí atá slán – trasnaigh an tsráid – nó fan go dtí go bhfuil daoine eile i láthair
- Fan ar shráideanna atá dea-shoilsithe agus siúil in aghaidh sreabhadh na tráichta
- Ná bí páirteach in achrainn daoine eile choíche ná go deo
- Ná freagair tuairimí tarcaisne nó goilliúnach ó dhaoine eile go deo – bíonn siad seo ceaptha le tú a tharraingt isteach in achrann
- Daoine a imbhuailteann tú d'aon ghnó nó a thugann gualainn duit bíonn ionsaí ar intinn acu – seachain amharc sa tsúil orthu agus ná labhair leo cibé acu ó bhéal nó go fisiciúil
- **Cuimhnigh- ní féidir leat réasúnú le daoine atá ionsaitheach nó ar meisce**
- Ba cheart do mhná óga an cathú a sheachaint chun strainséirí a thionlacan ina aonar –dá neamhúrchóideach is a bhíonn siad

Teagmhálaithe agus Nascanna Úsáideacha

Aonad Náisiúnta an Gharda Síochána um Chosc ar Choireacht,

Ceanncheathrú an Gharda Síochána,
Cearnóg Fhearchair, Baile átha Cliath 2.
Fón: (01) 6663362, Facs: (01) 6663314
Ríomhphost: crime_prevention@garda.ie

An Garda Síochána

www.garda.ie